

Dara Litir Naomh

E O I N

¹Ón Seanóir dá Soilse, í siúd atá uasaltofa agus dá clann a dtugaim fíorghrá dóibh, agus ní mise amháin ach fós gach duine arb eol dó an fhírinne, ²i ngeall ar an bhfírinne a mhaireann buan ionainn agus a mhairfidh ionainn go brách: ³beidh grásta agus trócaire agus síocháin i bhfírinne agus i gcarthanacht orainn ó Dhia an tAthair agus ó Íosa Críost Mac an Athar. ⁴Ba mhór mo lúcháir a aireachtáil go bhfuil cuid de do chlann ag siúl san fhírinne de réir na haithne a fuairamar ón Athair. ⁵Ach anois achainím ar do Shoilse – ní amhail is dá mbeinn ag scríobh nua-aithne chugat ach an ceann a bhí againn ó thús – go dtugaimis grá dá chéile. ⁶Agus is é seo an grá – go siúlaimis de réir a aitheanta: Seo í an aithne, mar a chuala sibh ó thús í, go siúlaimis sa ghrá. ⁷Mar go ndeachaigh mórán mealltóirí ar an saol amach, daoine nach n-admhaíonn teacht Íosa Críost i gcolainn dhaonna. Sin é an mealltóir agus an tAinchríost. ⁸Aire daoibh, le nach gcaille sibh ar shaothraigh sibh, ach go bhfaighe sibh an lánluach. ⁹Gach duine a leanann leis ar aghaidh agus nach gcloíonn le teagasc Chríost ní shealbhaíonn Dia. An té a chloíonn leis an teagasc sealbhaíonn sé sin an tAthair agus an Mac. ¹⁰Má thagann aon duine chugaibh agus gan an teagasc sin aige, ná fáiltigí roimhe sa teach, agus ná beannaigí dó. ¹¹Mar an té a bheannaíonn dósan, tá sé páirteach ina chuid oilc. ¹²Cé go bhfuil mórán agam le



scríobh chugaibh, b'fhearr liom gan a chur ar phár le dúch, ach tá súil agam a theacht in bhur measc agus labhairt go díreach libh le go mba lán ár lúcháir. ¹³Beannaíonn clann do dheirféar tofa duit.

